# Gaelscoil Thaobh na Coille

Nuachtlitir

Nollaig
05/12/2025







## Clár na Lónta Te Scoile

Tá an-áthas orm a chur in iúl díbh go mbeidh Clár na Lónta Te Scoile ag tosú sa scoil an téarma seo chugainn. Tá an próiseas ríomhthairisceana agus an páipéarachas oifigiúil ar fad curtha i gcrích ag an bpointe seo agus beidh an obair athchóirithe ar an gcistin freastail sa halla ar siúl sna seachtainí amach romhainn.
Is iad an comhlucht Nourish & Green a bheidh ag cur na lónta te scoile ar fáil dár scoil. Is gnó teaghlaigh é Nourish and Green, faoi úinéireacht Éireannach. I dteannta Artizan Food Co., a sholáthraíonn lónadóireacht ar ardchaighdeáin d'ionaid oibre ar fud Bhaile Átha Cliath, agus Eatto, seirbhís seachadta béilí a thairgeann béilí lámhdhéanta saor ó dhathanna agus blasanna saorga, tá bunchloch tógtha ag an gcomhlucht seo a chuireann bia úr, folláin ar fáil ar féidir le daoine muinín a bheith acu as.
Tá sé mar aidhm ag Nourish and Green na cáilíochtaí céanna a chur i bhfeidhm agus iad ag soláthar na lónta te scoile, tré na chinntiú go ndéantar gach béile le comhábhair fíor agus saor ó dhathanna ná blasanna saorga.
Seolfar níos mó eolais chugaibh faoin gcóras ar fad agus cad a bheidh le déanamh agaibh nuair a fhillimíd ar an scoil ag tús mí Eanáir. Idir an dá linn is féidir libh tuile eolais a fháil faoi Nourish & Green ar an suíomh ghréasáin www.nourishandgreen.ie

Buíochas leis na tuismitheoirí a bhí ar ar bhfo-choiste a tháinig le chéile roimh an Samhradh leis na béilte éagsúla a bhlaiseadh agus a mheas agus buíochas freisin leis na tusimitheoirí a rinne meastóireacht ar na tairsceanna a tháinig isteach. Ba mhór an chabhair agus an tacaíocht sibh.

## Hot School Lunches Programme

I am delighted to inform you that the School Hot Lunches Programme will be commencing in the school early next term. The e-tendering process and all associated paperwork has now been completed and the refurbishment of the servery kitchen in the hall will be taking place in the coming weeks.
The school hot lunches will be provided by the company Nourish & Green. Nourish and Green is a family-run, Irish-owned business. Alongside Artizan Food Co., which provides high-quality catering for Dublin workplaces, and Eatto, a meal delivery service offering handmade meals free from artificial colours and flavours, the company has built a foundation of creating fresh, wholesome food that people can trust.
Nourish and Green are now bringing the same focus on quality, sustainability, and nutrition into schools, ensuring every meal is made with real ingredients and free from artificial colours or flavours.
More information about how the programme works and what you will have to do, will be sent to you when we return to school at the beginning of January. In the meantime you can learn more about this company and the meals that will be on offer by visiting their website www.nourishandgreen.ie

Thanks to the parents who were on our subcommittee who met before the summer to taste the various school lunches and also to the parents who evaluated the submissions that came in. You were a great help and support.



## Saoire na Nollag - Christmas Holidays

Scoil ag dúnadh do shaoire na Nollag : School finishing for Christmas

Aoine 19 Nollaig 2025 ag 12:00

Scoil ag ath-oscailt do théarma an Earraigh : School Re-opening for Spring term

Luan 05 Eanáir 2026

## Mí na Nollag : Spraoiúil, Spleodrach

Tá mí spraoiúil, spleodrach á chur isteach againn i nGaelscoil Thaobh na Coille agus muid ar fad ag súil le saoire na Nollag! Mí fíor-ghnóthach í seo agus imeachtaí go leoir ar siúl ag na páistí.

## Crannchur na dTicéad Órga

Buíochas leis na daoine ar fad a chuir bronntanais ar fáil do shiopa na mBronntanas Rúnda. Bhí sibh an-fhlathúil go deo. Déanfar an tarraingt do chrannchur na dticéad órga ag deireadh na míosa & ní gá a rá ach go bhfuil na páistí ar bís faoi!

## Féile na Nollag

Déanfaimíd ceiliúradh ar an an Nollaig le 3 cheolchoirm:

1. Féile na Nollag R1 & R2 Céadaoin 10/12/25 1pm
2. Féile na Nollag N1 & N2 Aoine 12/12/25 12:30pm
3. Féile na Nollag R3 go R6 Máirt 16/12/2025 1pm & 7pm

Beidh deis ag na páistí na Féilte éagsúla ar fad a fheiceáil roimh ré agus mar go mbeimíd gann ar spás sa halla ní cheadófar do pháistí/siblíní i ranganna éagsúla freastal ar na seónanna atá luaite thuas.

## Féile na Nollag R3 - R6 Máirt 16/12 1pm & 7pm

Chun cinnte a dhéanamh de nach mbeidh an halla ag cur thar maoil agus contúirteach ní bheidh ceadaithe sa lucht féachanna ach 220 duine ar fad. Beidh fáilte roimh thusití freastal ar an seó ag a 1pm nó ag a 7pm.

Beidh ticéid ar fáil ón scoil ar an Mháirt 09 Nollaig – uasmhéid 2 thicéad in aghaidh an clann. Beidh 220 ticéad ar fáil don seó ag a 7pm agus c.130 ticéad ar fáil don seó ag 1pm. Ó thaobh sláinte agus slándáil de ní bheidh sé ceadaithe páiste a thabhairt isteach gan ticéad (fiú le suí ar ghlúin tuismitheora). Ticéad 1 = Duine 1.

Cuir nóta i ndialann obair bhaile do pháiste maidin Mháirt ag rá cé mhéad ticéad atá uait agus cén seó gur mhaith leat freastal ar. Déanfaimíd ár ndícheal freastal ar gach duine.

## Féilire Aidbhinte

Tá Crann Nollaig mór crochta ar an mballa i aice le hoifig an Phríomhoide - féilire mór aidbhinte atá lán le bronntanais. Pioctar ainm ceathrar dalta amach as an 'hata' gach lá i rith na haidbhinte agus glaonn an Múinteoir Nic Chonchradha na hainmneacha amach ar an gcóras cumarsáide scoile. Bíonn na páistí ar fad ar bís le cloisteáil an dtarraingeofar a n-ainm féin nó ainm páiste eile ina rang amach. Is minic a chuireann páistí i gcuimhne don Phríomhoide gan dearmad a dhéanamh ar an tarraingt!

## Advent Calendar

*A large Christmas Tree advent calendar full of presents hangs on the wall outside the Principal's office. The names of four pupils are picked out of the 'hat' every day during Advent and Múinteoir Nic Chonchradha calls out the names on the school intercom system. All the children are excited to hear if their own name or the name of another child in their class is pulled out. Múinteoir Nic Chonchradha is reminded quite often during the day not to forget to make the draw!*

## December : Fun Filled & Exciting

*We are having a fun filled, exciting December in school and we are all looking forward to the Christmas holidays! We are having a really busy month with lots of events for the children.*

## Golden Ticket Raffle

*Thanks to all those who donated gifts to the Secret Gift shop. You were extremely generous. The golden ticket's raffle will be held at the end of the month and needless to say the children are excited and eagerly awaiting the draw!*

## Féile na Nollag

*We will celebrate Christmas with 3 concerts:*

1. *Féile na Nollag R1 & R2 Wednesday 10/12/25 1pm*
2. *Féile na Nollag N1 & N2 Friday 12/12/25 12:30pm*
3. *Féile na Nollag R3 - R6 Tuesday 16/12/2025 1pm & 7pm*

*The children will have the opportunity to see all 3 concerts in advance and as we will be short of space in the hall children/siblings in classes who are not performing in a given show will not be permitted to attend.*

## Féile na Nollag R3 - R6 Tuesday 16/12 1pm & 7pm

*To ensure the hall does not become overcrowded and dangerous, only 220 people in total will be allowed in the audience. Parents are invited to attend the show at 1pm or at 7pm.*

*Tickets will be available from the school on Tuesday, 9 December – maximum 2 tickets per family. There will be 220 tickets available for the 7pm show and approximately 130 tickets available for the 1pm show. For health and safety reasons, no child will be allowed entrance to the hall without a ticket (even to sit on a parent's lap). 1 ticket = 1 person.*

*Please put a note in your child's homework diary on Tuesday morning next stating how many tickets you want and what show you want to attend. We'll try to ensure that everyone is looked after.*



## 'A Christmas Carol' in Amharclann an Gate

Chuaigh daltaí R5 & R6 go dtí 'A Christmas Carol sa Gate. Bhaineadar ar fad an-taitneamh as.

**Léirmheas scríofa ag** Aisling Nic Cormaic R6B
Shíl mé go raibh an dráma iontach agus beagáinín scanrúil. Thaitin an scéal liom. Bhí sé ar fheabhas agus bhí a gcuid línte ar eolas ag na haisteoirí go léir. Shíl mé go raibh Scrooge iontach ag déanamh a pháirte. Bhí Scrooge díreach cosúil leis an gcarachtar ón leabhar.

Cheap mé go raibh an dearadh ar an seit ar fheabhas, go háirithe teach Scrooge. Bhí na soilse eisceachtúil, go háirithe le linn na bpíosaí scanrúla. Chuir sé mothú neamhghnách orm agus beagáinín faitíos.

Ba é buaicphointe an dráma i mo thuairimse ná nuair a bhí an fear ag rith sa tóir ar an turcaí. Bhí an script iontach agus bhí a gcuid línte ar fad ar eolas de ghlan mheabhar ag na haisteoirí.

Bhí na cultacha ar fheabhas agus thaitin sé liom gur ghléas cailíní suas mar bhuachaillí agus buachaillí suas mar chailíní i roinnt de na radharcanna. Shíl mé go raibh an ceol thar barr agus is maith liom go raibh siad ag canadh A Capella. Ba é Bob Cratchit an carachtar ab fhearr liom. As 5 réalta, tugaim 4 réalta dó. ★★★★

***A Review of 'A Christmas Carol'*** *at the Gate Theatre by Aisling Nic Cormaic R6B*
*I thought the play was wonderful, superb, marvellous and a bit scary.*
*I liked the story – it was excellent. The actors were exceptional, and they were superb at playing the characters. I thought that the actor who played Scrooge was wonderful playing his part. Scrooge was great at being exactly like the character 'Scrooge'.*

*I thought the set design was marvellous, especially Scrooge's house. The lighting was exceptional, especially during the scary parts. It made me feel extraordinary and a bit scared. The highlight of the play in my opinion was when the turkey was being chased by a randomer! The script was wonderful, and all the actors knew their lines.*

*The costumes were great, and I liked the way that the girls sometimes dressed up as boys and the boys dressed up as girls. I thought that the music was excellent and I liked the A Capella singing. My favourite character was Bob Cratchit. I would give it 4 out of 5 stars.*









## Seaimpín Muay Thai

Ghlac Callum Ó Cearúill R6A páirt i gCraobhchomórtas Eorpach Muay Thai WMF ar an 8/11/25 agus sa chéad Craobhchomórtas Éireannach den WMO Muay Thai ina chatagóir meáchain ar an 15/11/25 - agus creid é nó ná creid, bhuaigh sé an dá theideal. Tá Callum ag déanamh staidéir ar Muay Thai ó bhí sé 4 bliana d'aois. Is mar thoradh ar obair chrua, dúthracht agus féinsmachtur éirigh leis an t-éacht seo a bhaint amach. Maith thú a Challum, an-éacht bainte amach agat.

## Muay Thai Champion

*Callum Ó Cearúill R6A competed in both the WMF European Championship Muay Thai on 8/11/25 and the WMO First-Time Irish Championship Muay Thai in his weight category on 15/11/25 - and incredibly, he won both titles. Callum has been studying Muay Thai since he was 4 years old. Winning these two belts is the culmination of lots of hard work, dedication and discipline.*
*Maith thú a Challum, what an amazing achievement.*






Munar éirigh leat an Suirbhé ar Bhunscoileanna a chomhlanú go fóill an bhféadfainn a iarraidh ort é a dhéanamh anois. Tá gach eolas faoin suirbhé i r-phost a seoladh ag tuismitheoirí uile na scoile ar an 24/11/25. Is suirbhé rí-thábhachtach é seo. Úsáidfidh an Roinn Oideachais torthaí an suirbhé ina gcuid pleanála do sholáthar oideachas ar an leibhéal bunscoile sa todhchaí. Tá sé fíor-thábhachtach mar sin go gcloistear guth na dtuistí a bhfuil a bpáistí leo ag freastal ar Ghaelscoileanna sa suirbhé seo. Ní ghlacfaidh sé ach 1 nóiméad ort an suirbhé a chomhlánú. - níl i gceist ach 3 cheist le freagra sea nó ní hea. Bain úsáid as an URL seo www.gov.ie/primaryschoolsurvey chun an suirbhé a chomhlánú

***Primary School Survey – Have Your Say***

*If you haven't yet managed to complete the Primary School Survey can I ask to to please do so now. All Information re The Primary School Survey can be found in an e-mail that was sent out to all families in the school on 24/11/2025. This is such an important survey. The Department of Education will use the results of the survey in their planning for the provision of education at the primary school level in the future. It is extremely important that the voices of parents whose children attend Gaelscoileanna are heard in this survey. The survey only takes 1 minute to complete - 3 questions with yes or no answers. Please use the URL www.gov.ie/primaryschoolsurvey to complete the survey.*

## Lón Scoile

Meabhrúchán: Cuirfimid i gcuimhne daoibh go bhfuil polasaí Bia Sláintiúil i bhfeidhm sa scoil. Meallaimíd na daltaí le bia sláintiúil ar nós torthaí & glasraí a ithe mar chuid den lón scoile. Iarrtar ar na daltaí torthaí nó glasraí amháin a ithe ag am lón beag agus an chuid eile den lón a ithe ag am lón mór. Iarraimid oraibh gan milseáin, seacláid, crispí, brioscaí nó deochanna milse a bheith ag na páistí ar scoil. Táimid tar éis a thabhairt faoi deara go bhfuil cuid de na h-earraí nach bhfuil ceadaithe ag éalú isteach i roinnt boscaí lóin! Nuair a thosaíonn na lónta scoile te i lár mhí Eanáir, beidh ar na páistí a bheith i dtaithí ar thorthaí nó glasraí (a thugtar isteach ón mbaile) a ithe ag am 'sos beag' agus an lón te a ithe tar éis lón mór.



## School Lunch

*Reminder: We would like to remind you that the school has a healthy eating policy. We encourage the children to eat healthy foods such as fruits and vegetables as part of their school lunch. We ask the children to eat fruit and vegetables at little break with the remaining lunch being eaten at big break! We would ask you to exclude sweets, chocolate, crisps, biscuits and fizzy drinks from your child's lunchbox. We have noticed that some of there contrabands are making their way into some lunch boxes! When the hot school lunches begin in mid -January the children will need to be in the habit of eating fruit or vegetables only at 'little break' (brought in from home) and the hot lunch only after 'big break'.*





## Slán & Go Raibh Maith Agat, a Bhean Uí Shé

Tá Orla Bean Uí Shé, cuntóir riachtanais speisialta (CRS) éirithe as a post i nGaelscoil Thaobh na Coille, le bogadh síos faoin tír. Bhí an t-ádh dearg nuair a ghlac Orla le post mar CRS inár scoil aon bhliain d'éag ó shin i 2014. Bhí Orla i gcónaí caoin, cneasta, lách le gach duine sa scoil; daltaí agus baill foirne araon. Léirigh sí an-tuiscint i gcónaí ar na páistí a bhí faoina cúram agus chothaigh sí gaol álainn leo. Mothóimíd ar fad uainn go mór a cairdeas, a cineáltas, a dearfacht agus a féith an ghrinn. Guímíd gach beannacht agus rath uirthi leis an gcéad chéim eile dá saol in Inis Córthaidh.

*Orla Bean Uí Shé, special needs assistant (SNA) has resigned from her post in Gaelscoil Thaobh na Coille, to move down the country. We were so blessed when Orla accepted a position as SNA at our school eleven years ago in 2014. Orla was always kind, gentle, and friendly to everyone in the school; pupils and staff alike. She showed great understanding of the children in her care and established a great relationship with them. We will really miss her friendship, kindness, sense of humour and great positivity around the school. We wish her all the best as she embarks on the next stage of her life in Enniscorthy.*



## Ionadaí na Máithreacha - Bord Bainistíochta

Tá Deirdre Neff (mam le Nóra Ní Chathasaigh R1A) ceapaithe le dul i gcomharbacht ar Yvonne Mercer, a d'éirigh as mar ionadaí na máithreacha ar an mBord Bainistíochta le déanaí. Gabhaimíd buíochas leí as a bheith sásta an ról tábhachtach seo a ghlacadh uirthi féin.

## **Mother's Representative** - Board of Management

*Deirdre Neff (mother of Nóra Ní Chathasaigh R1A) has been appointed to succeed Yvonne Mercer, who recently stepped down as the mothers' representative on the Board of Management. We would like to thank her for taking on this important role.*

## Seachtain na hEolaíochta

Chuir daltaí R4 - R6 taispeántas eolaíochta ar siúl do dhaltaí uile na scoile i Mí na Samhna. Chaith na daltaí breis is seachtain ag ullmhú don lá agus ba léir ón gcaighdeán turgnaimh a bhí le feiceáil sa halla ar an lá go raibh an-obair déanta sna seomra ranga mar ullmhúchán ar an lá mór.



## Science Week

*Pupils from R4 to R6 participated in our Science Exhibition on 20th November. The pupils began planning and preparing for the exhibition in their classes in the run up to science week. It was evident from the standard of experiments on display and the children had a great understanding of the science behind their projects and that a lot of preparatory work had been carried out in the classrooms in the run up to the day.*

## NOURISH and GREEN

**FOLÚNTAS FOSTAÍOCHTA - JOB VACANCY**






